An Roinn Oideachais
Department of Education

# Fáilte

# Seimineár Eolais do Cheannairí Scoile





## Clár

- Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht
- Príomhdhifríochtaí ó nósanna imeachta 2013
- Tacaíochtaí breise le cur i bhfeidhm
- Samhail chigireachta nua dírithe ar an bhFolláine a chur chun cinn



- Cearta Linbh
- Cur Chuige Oideachais Uile

# Cineáltas: Cur Chuige maidir le Cearta Linbh







# Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht

GNÁSANNA FRITHBHULAÍOCHTA

BUNSCOILE

AGUS IAR-BHUNSCOILE

Meán Fómhair 2013

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

1

An Roinn Oideachais
Department of Education

## Bí Cineálta

Nósanna Imeachta chun Iompraíocht Bhulaíochta a Chosc agus Dul i nGleic léi do Bhunscoileanna agus d'Iar-bhunscoileanna

Meitheamh 2024






### Aguisín G

### Forléargas ar Ghnásanna an Pholasaí Bí Cineálta chun Iompraíocht Bhulaíochta a Chosc agus Dul i nGleic léi

Seo a leanas treoir do na príomhathruithe idir na ceanglais in Nósanna imeachta Frithbhulaíochta do Bhunscoileanna agus d'Iar bhunscoileanna 2013 agus na ceanglais in Bí Cineálta: Nósanna imeachta chun Iompraíocht Bhulaíochta a Chosc agus Dul i nGleic léi do Bhunscoileanna agus d'Iar bhunscoileanna 2024 a thagann in ionad ghnásanna 2013. Ní liosta uileghabhálach é seo.

| | | |
|---|---|---|
| Caibidil 1 | Freagrachtaí phobal na scoile | Caithfidh gach ball de phobal na scoile oibriú le chéile i gcomhpháirtíocht chun iompraíocht bhulaíochta ar scoil a chosc agus dul i ngleic léi. |
| | Bunús dlí | Reachtaíocht mar bhonn faoi Bí Cineálta: An tAcht um Thús Áite do Leanaí, 2015.An tAcht um Chiapadh, Cumarsáid Dhochrach agus Cionta Gaolmhara, 2020 ar a dtugtar Dlí Coco freisin. |
| Caibidil 2 | Cad is iompraíocht bhulaíochta ann? | Sainmhíniú nuashonraithe ar iompraíocht bhulaíochta bunaithe ar Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht (2022) |
| | Iompraíocht choiriúil | Eolas nuashonraithe maidir le cathain is féidir a mheas gurb ionann iompraíocht choiriúil agus iompraíocht bhulaíochta. |
| | Ábhar imní maidir le cosaint leanaí | Eolas nuashonraithe maidir le cathain a thagann iompraíocht bhulaíochta chun bheith ina ábhar imní maidir le cosaint leanaí. |
| Caibidil 3 | Tionchar na hiompraíochta bulaíochta | Eolas nuashonraithe ar an gcaoi ar féidir le hiompraíocht bhulaíochta dul i bhfeidhm ar scoláirí a fhulaingíonn iompraíocht bhulaíochta, ar scoláirí a fheiceann an iompraíocht agus ar scoláirí a léiríonn iompraíocht bhulaíochta |
| Caibidil 4 | Polasaí Bí Cineálta | Ní mór do scoileanna dul i mbun plé le pobal uile na scoile chun a bpolasaí Bí Cineálta a fhorbairt, ag baint úsáid as an teimpléad in Aguisín A.Ní mór don pholasaí straitéisí coisctheacha a úsáidtear a liostú lena n-áirítear iad sin a úsáidtear go háirithe chun iompraíocht chibearbhulaíochta, iompraíocht bulaíochta homafóbaí agus trasfhóbaí, iompraíocht bulaíochta ciníche, iompraíocht bulaíochta gnéasaí agus ciapadh gnéasach a chosc, de réir mar is cuí.Ní mór do scoileanna liosta a dhéanamh de straitéisí tacaíochta sonracha do dhaoine aonair a bhfuil iompraíocht bhulaíochta á fulaingt acu, iad siúd a fheiceann an iompraíocht bhulaíochta agus iad siúd a léiríonn iompraíocht bhulaíochta.Ní mór gach eachtra iompraíochta bulaíochta a thaifeadadh.Éilítear ar phríomhoide na scoile uasdátú ar iompraíocht bhulaíochta a sholáthar ag gach gnáthchruinniú den Bhord Bainistíochta.Ní mór athbhreithniú a dhéanamh ar pholasaí Bí Cineálta na scoile i gcomhpháirtíocht le pobal uile na scoile uair sa bhliain féilire agus níos luaithe ná sin má tharlaíonn eachtra tromchúiseach agus má chinneann an Bord Bainistíochta go bhfuil gá le hathbhreithniú práinneach. |



# Nósanna Imeachta
# Bí Cineálta








# Bí Cineálta
# Cur Chuige Comhpháirtíochta

# Cad is Iompar Bulaíochta ann?

***Iompar spriocdhírithe a dhéanann dochar, ar líne nó as líne, is ea bulaíocht. D'fhéadfadh an dochar a dhéantar a bheith fisiciúil, sóisialta agus/nó mothúchánach. Leanann iompar bulaíochta ar aghaidh thar thréimhse ama agus bíonn neamhchothroime cumhachta i gceist ann sa chaidreamh idir beirt nó grúpaí daoine sa tsochaí.***

# Cad iad na ceisteanna ar cheart dúinn a chur má tá líomhain iompair bhulaíochta ann?

- **An bhfuil an t-iompar dírithe ar scoláire ar leith nó ar ghrúpa scoláirí?**
- **An é cuspóir an iompair dochar fisiciúil, sóisialta nó mothúchánach a dhéanamh?**
- **An bhfuil an t-iompar ar siúl le tréimhse ama?**


# Cad nach iompar bulaíochta ann?

- Iompar diúltach a tharlaíonn uair amháin
- Easaontas idir scoláirí, nó cásanna ina bhfuil scoláirí ag iarraidh deireadh a chur le cairdeas
- Iompair nach bhfuil d’aon ghnó de scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu

# Iompar bulaíochta a tharlaíonn lasmuigh den scoil

**Níltear ag súil go ndéileálfaidh scoileanna le hiompar bulaíochta a tharlaíonn lasmuigh den scoil**

# Polasaí Bí Cineálta




**Comhoibreoidh Pobal na Scoile lena chéile chun athbhreithniú a dhéanamh ar a bPolasaí Bí Cineálta agus é seo a fhorbairt**

- **Ranganna OSPS**
- **Comhairle na Scoláirí**
- **Ceistneoir do Thuismitheoirí**
- **Dúnadh Scoile Leath Lae**

# Polasaí Bí Cineálta

**Teimpléad ineagarthóireachta den pholasaí ar fáil ar líne**

# Polasaí Bí Cineálta atá Oiriúnach do Scoláirí


Aguisín B
Polasaí Bí Cineálta atá in oiriúint do Scoláirí

# Bí Cineálta!

Ba mhaith linn go mothódh gach duine inár scoil sábháilte agus sásta.

Má cheapann tú go bhfuil bulaíocht á déanamh ort nó go bhfuil bulaíocht á déanamh ar dhuine éigin eile, is gá duit é a rá le múinteoir nó le duine fásta eile a bhfuil muinín agat as nó aisti. Beidh a fhios acu conas cabhair a fháil.

Lorg cabhair!

Abair le duine éigin é!

Má insíonn scoláire do bhall foirne go gceapann sé/sí go bhfuil bulaíocht á déanamh air nó uirthi nó ar dhuine eile:

- labhróimid leis an scoláire a bhféadfadh bulaíocht a bheith á déanamh air/uirthi
- fiafróimid den scoláire cad ba cheart a dhéanamh, dar leis/léi
- oibreoimid amach plean le chéile
- labhróimid lena t(h)uismitheoirí
- labhróimid leis an scoláire eile ionas go dtuigfidh sé/sí nach bhfuil a (h)iompraíocht ceart
- labhróimid le tuismitheoirí an scoláire eile
- cabhróimid le gach duine ionas go mothóidh siad sásta agus sábháilte inár scoil

Abair le duine le do thoil má cheapann tú go bhfuil bulaíocht á déanamh ort nó má cheapann tú go bhfuil bulaíocht á déanamh ar dhuine éigin eile.

Tá polasaí ag ár scoil chun stop a chur le hiompraíocht bhulaíochta.

Breathnaímid ar an bpolasaí seo gach bliain. Cinntíonn sé sin go bhfuil gach rud is féidir á dhéanamh againn in iarracht stop a chur le hiompraíocht bhulaíochta.


Fiafróimid díot cad a cheapann tú.

Ciallaíonn iompraíocht bhulaíochta duine a bheith gránna nó maslach le daoine eile d'aon ghnó arís agus arís.

Nuair a tharlaíonn sé go minic. Ní díreach uair amháin.

Teimpléad ineagarthóireachta den pholasaí atá oiriúnach do scoláirí ar fáil ar líne

# Straitéisí Coisctheacha





## Cultúr agus Timpeallacht

- Muintearas
- Clóis Súgartha
- Soilsiú
- Feiceálacht na foirne

## Curaclam (Teagasc agus Foghlaim)

- Gníomhaíochtaí curaclaim agus seach-churaclaim
- Grúpaí beaga

# Straitéisí Coisctheacha





## Polasaí agus Pleanáil

- Polasaithe scoile eile a thacaíonn le Bí Cineálta
- Foghlaim ghairmiúil do mhúinteoirí

## Caidrimh agus Comhpháirtíochtaí

- Caidrimh láidre idirphearsanta
- Gníomhaíochtaí a chothaíonn comhbhá, meas agus acmhainneacht
- Tacaíocht do rannpháirtíocht scoláirí

# Aghaidh a Thabhairt ar Iompar Bulaíochta




Nósanna Imeachta chun Iompraíocht Bhulaíochta a Chosc agus Dul i nGleic léi do Bhunscoileanna agus d'Iar-bhunscoileanna

### Aguisín C
### Treoir maidir le Dul i nGleic le hIompraíocht Bhulaíochta

Tá pobal uile na scoile freagrach as iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi. Ba chóir do scoileanna oibriú i gcomhar lena bpátrún, leis an mbord bainistíochta, leis an bhfoireann, le scoláirí agus lena dtuismitheoirí chun a bpolasaí Bí Cineálta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.

Is mar threoir a thugtar an t-aguisín seo maidir le dul i ngleic le hiompraíocht bhulaíochta. Tá sé bunaithe ar an eolas i gCaibidil 6 de *ghnásanna Bí Cineálta chun iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna.*

#### Cur chuige

Ba cheart go mbeadh sé mar phríomhaidhm agus aghaidh á tabhairt ar thuairiscí ar iompraíocht bhulaíochta stop a chur leis an iompraíocht bhulaíochta agus, chomh fada agus is féidir, an caidreamh idir na scoláirí atá i gceist a athbhunú, seachas milleán a chur.

Nuair a théann siad i ngleic le hiompraíocht bhulaíochta, ba chóir do mhúinteoirí:

- a chinntiú go mothaíonn an scoláire a bhfuil iompraíocht bhulaíochta á fulaingt aige/aici go bhfuiltear ag éisteacht leis/léi agus go bhfuiltear á c(h)ur ar a s(h)uaimhneas
- iarracht a dhéanamh príobháideacht na ndaoine atá i gceist a chinntiú
- gach comhrá a dhéanamh go híogair
- aois agus cumas na scoláirí atá i gceist a chur san áireamh
- éisteacht le tuairimí an scoláire a bhfuil an iompraíocht bhulaíochta á fulaingt aige/aici maidir leis an mbealach is fearr chun dul i ngleic leis an gcás
- gníomhú go tráthúil
- tuismitheoirí na scoláirí atá i gceist a chur ar an eolas

#### Ag aithint cé acu ar tharla nó nár tharla iompraíocht bhulaíochta

In *Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht* agus *Bí Cineálta: Nósanna imeachta chun Iompraíocht Bhulaíochta a Chosc agus Dul i nGleic léi do Bhunscoileanna agus d'Iar-bhunscoileanna*, sainmhínítear an bhulaíocht mar iompraíocht spriocdhírithe, ar líne nó as líne a dhéanann dochar. D'fhéadfadh an dochar a dhéantar a bheith fisiciúil, sóisialta agus/nó mothúchánach. Leanann iompraíocht bhulaíochta ar aghaidh thar thréimhse ama agus bíonn neamhchothroime cumhachta i gceist sa chaidreamh idir beirt nó idir grúpaí daoine sa tsochaí. Tugtar an sainmhíniú mionsonraithe i gCaibidil 2 de ghnásanna Bí Cineálta.

Chun a chinneadh an iompraíocht bhulaíochta í an iompraíocht a thuairiscítear, ba cheart duit machnamh a dhéanamh ar na ceisteanna seo a leanas:

- an bhfuil an iompraíocht dírithe ar scoláire ar leith nó ar ghrúpa scoláirí?


60

## Comhpháirtíocht

- **Scoláirí**
- **Thuismitheoirí**

- **Is gá athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn laistigh de 20 lá**
- **D'fhéadfadh go mbeadh tacaíocht leanúnach ag teastáil**

# Aghaidh a Thabhairt ar Iompar Bulaíochta





## Coimeád Taifead

- Cá háit?
- Cén uair?
- Cineál iompair
- Teagmháil leo siúd lena mbaineann
- Gníomhartha a comhaontaíodh
- Teagmháil leantach

# Maoirseacht



Aguisín D

Treoir maidir leis an Uasdátú ar Iompraíocht Bhulaíochta a Sholáthar

**Treoir maidir le hUasdátú ar Iompraíocht Bhulaíochta a Sholáthar do chruinniú an Bhoird Bainistíochta**

Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar shonraí na n-eachtraí iompraíochta bulaíochta a tuairiscíodh ó chruinniú an bhoird bainistíochta roimhe seo, ní mór don phríomhoide an t-eolas seo a leanas a sholáthar ag gach gnáthchruinniú den bhord bainistíochta: information at each ordinary meeting of the board of management:

| | |
|---|---|
| Líon iomlán na n-eachtraí iompraíochta bulaíochta **nua** a tuairiscíodh ón gcruinniú deireanach den Bhord Bainistíochta. | |
| Líon iomlán na n-eachtraí iompraíochta bulaíochta atá ag tarlú faoi láthair. | |
| Líon iomlán na n-eachtraí iompraíochta bulaíochta a tuairiscíodh ó thús na scoilbhliana seo. | |

Sa chás gur tuairiscíodh eachtraí iompraíochta bulaíochta ó bhí an cruinniú deireanach ann, ní mór tuairisc ó bhéal a chur san áireamh san uasdátú agus ba chóir go mbeadh an t-eolas seo a leanas san áireamh nuair is cuí:

> Na treochtaí agus na patrúin a aithníodh, mar shampla foirm na hiompraíochta bulaíochta, an cineál
> Iompraíochta bulaíochta más eol sin, láthair na hiompraíochta bulaíochta, cathain a tharla sé etc.
> Na straitéisí a úsáideadh chun dul i ngleic leis an iompraíocht bhulaíochta
> Aon straitéisí níos leithne chun iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi
> Má tharla aon eachtraí tromchúiseacha d'iompraíocht bhulaíochta a raibh drochthionchar suntasach acu ar scoláire
> Má chuir tuismitheoir in iúl don scoil gur fhág scoláire an scoil mar gheall ar iompraíocht bhulaíochta thuairiscithe
> Má tá tacaíocht bhreise ag teastáil ón mbord bainistíochta
> Más gá athbhreithniú práinneach a dhéanamh ar pholasaí Bí Cineálta na scoile roimh an athbhreithniú bliantúil


Níor cheart go n-áireofaí leis an uasdátú seo aon eolas pearsanta ná eolas a d'fhéadfadh na scoláirí atá i gceist a aithint.

1

## Uasdátú ag gach cruinniú an bhoird bainistíochta

- **Líon na dteagmhas nua ón gcruinniú roimhe sin**
- **Líon na dteagmhas a bhfuil aghaidh á dtabhairt orthu faoi láthair**
- **Líon iomlán ó thús na scoilbhliana**

# Ní mór a áireamh san uasdátú ó bhéal



Aguisín D
Treoir maidir leis an Uasdátú ar Iompraíocht Bhulaíochta a Sholáthar

**Treoir maidir le hUasdátú ar Iompraíocht Bhulaíochta a Sholáthar do chruinniú an Bhoird Bainistíochta**

Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar shonraí na n-eachtraí iompraíochta bulaíochta a tuairiscíodh ó chruinniú an bhoird bainistíochta roimhe seo, ní mór don phríomhoide an t-eolas seo a leanas a sholáthar ag gach gnáthchruinniú den bhord bainistíochta: information at each ordinary meeting of the board of management:

| | |
|---|---|
| Líon iomlán na n-eachtraí iompraíochta bulaíochta **nua** a tuairiscíodh ón gcruinniú deireanach den Bhord Bainistíochta. | |
| Líon iomlán na n-eachtraí iompraíochta bulaíochta atá ag tarlú faoi láthair. | |
| Líon iomlán na n-eachtraí iompraíochta bulaíochta a tuairiscíodh ó thús na scoilbhliana seo. | |

Sa chás gur tuairiscíodh eachtraí iompraíochta bulaíochta ó bhí an cruinniú deireanach ann, ní mór tuairisc ó bhéal a chur san áireamh san uasdátú agus ba chóir go mbeadh an t-eolas seo a leanas san áireamh nuair is cuí:


- Na treochtaí agus na patrúin a aithníodh, mar shampla foirm na hiompraíochta bulaíochta, an cineál
- Iompraíochta bulaíochta más eol sin, láthair na hiompraíochta bulaíochta, cathain a tharla sé etc.
- Na straitéisí a úsáideadh chun dul i ngleic leis an iompraíocht bhulaíochta
- Aon straitéisí níos leithne chun iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi
- Má tharla aon eachtraí tromchúiseacha d'iompraíocht bhulaíochta a raibh drochthionchar suntasach acu ar scoláire
- Má chuir tuismitheoir in iúl don scoil gur fhág scoláire an scoil mar gheall ar iompraíocht bhulaíochta thuairiscithe
- Má tá tacaíocht bhreise ag teastáil ón mbord bainistíochta
- Más gá athbhreithniú práinneach a dhéanamh ar pholasaí Bí Cineálta na scoile roimh an athbhreithniú bliantúil

Níor cheart go n-áireofaí leis an uasdátú seo aon eolas pearsanta ná eolas a d'fhéadfadh na scoláirí atá i gceist a aithint.

1

- Nósanna agus patrúin a aithníodh
- Straitéisí a úsáideadh chun aghaidh a thabhairt ar iompar
- Aon teagmhais thromchúiseacha
- Ní gá faisnéis phearsanta a áireamh
- Ní mór líon na dteagmhas agus breithniú a rinneadh ar uasdátú ó bhéal a áireamh i miontuairiscí an bhoird.

# Athbhreithniú ar an bPolasaí Bí Cineálta




Aguisín E
Athbhreithniú ar an bPolasaí Bí Cineálta

Ní mór don Bhord Bainistíochta (an Bord) athbhreithniú bliantúil (féilire) a dhéanamh ar pholasaí Bí Cineálta na scoile agus ar a chur i bhfeidhm i gcomhairle le pobal na scoile. Mar chuid den athbhreithniú, ní mór an doiciméad seo a chomhlánú.

**Athbhreithniú Polasaí Bí Cineálta**

1. Cathain a ghlac an Bord go foirmiúil lena pholasaí Bí Cineálta chun iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi i gcomhréir le Nósanna Imeachta Bí Cineálta do Bhunscoileanna agus d'Iar-bhunscoileanna? *Cuir isteach an dáta deiridh ar ghlac an scoil le polasaí Bí Cineálta* _/_______/20_
2. Cá háit sa scoil a bhfuil an polasaí Bí Cineálta atá in oiriúint do scoláirí ar taispeáint?
3. Cén dáta ar fhoilsigh an Bord an polasaí Bí Cineálta agus an polasaí atá in oiriúint do scoláirí ar shuíomh idirlín na scoile? ___/___/20_
4. Conas ar cuireadh an polasaí atá in oiriúint do scoláirí in iúl do scoláirí?
5. Conas ar cuireadh an polasaí Bí Cineálta agus an polasaí atá in oiriúint do scoláirí in iúl do thuismitheoirí?
6. Ar cuireadh polasaí Bí Cineálta na scoile agus *Nósanna Imeachta Bí Cineálta na Scoile chun Iompraíocht Bhulaíochta a Chosc agus Dul i nGleic Léi do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna* in iúl d'fhoireann uile na scoile? ☐ Cuireadh ☐ Níor Cuireadh
7. An ndéanann an polasaí Bí Cineálta doiciméadú ar na straitéisí a úsáideann an scoil chun iompraíocht bhulaíochta a chosc? ☐ Cuireadh ☐ Níor Cuireadh

64



Aguisín F
Fógra faoi athbhreithniú bliantúil an Bhoird Bainistíochta ar Pholasaí Bí Cineálta na scoile

Deimhníonn Bord Bainistíochta go ndearnadh athbhreithniú bliantúil an Bhoird Bainistíochta ar Pholasaí Bí Cineálta na scoile chun Iompraíocht Bhulaíochta a Chosc agus Dul i nGleic léi agus ar a chur i bhfeidhm ag cruinniú an Bhoird Bainistíochta ar [dáta].

Rinneadh an t-athbhreithniú seo i gcomhréir leis na ceanglais in *Bí Cineálta: Nósanna imeachta chun Iompraíocht Bhulaíochta a Chosc agus Dul i nGleic léi do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna* ón Roinn Oideachais.

Sínithe:
(Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta)
Dáta:

Sínithe:
(Príomhoide)
Dáta:

Dáta don chéad athbhreithniú eile:

- **Tuairimí a lorg ó phobal na scoile**
- **Teimpléad ineagarthóireachta ar fáil ar líne**

# Na chéad chéimeanna eile



## Tacaíochtaí Breise maidir le Cur Chun Feidhm Bí Cineálta

# Treoir Acmhainní Ar Líne

- **Treoracha do bhunscoileanna, d'iar-bhunscoileanna agus do thuismitheoirí**
- **Ar fáil ar an leathanach Cineáltas ar gov.ie**

Foilsiú

### Acmhainní Bí Cineálta chun tacú le Polasaí Bí Cineálta scoile chun iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi

Ó An Roinn Oideachais
Foilsithe 27 Meitheamh 2024
An t-eolas is déanaí 8 Lúnasa 2024


Acmhainní do Bhunscoileanna


Acmhainní d'Iar-bhunscoileanna


Acmhainní do Thuismitheoirí

Foilsiú

### Acmhainní do Bhunscoileanna

Ó An Roinn Oideachais
Foilsithe 27 Meitheamh 2024
An t-eolas is déanaí 19 Lúnasa 2024

1. Curaclam agus Folláine
2. Cibearbhulaíocht agus Sábháilteacht ar Líne
3. Iompraíocht Bhulaíochta Homafóbach agus Trasfhóbach
4. Iompraíocht Bhulaíochta Chiníoch
5. Aghaidh a thabhairt ar Iompraíocht Bhulaíochta ag úsáid Cleachtas Aisiríoch
6. An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (SNSO)
7. Tusla

Foilsiú

### Acmhainní d'Iar-bhunscoileanna

Ó An Roinn Oideachais
Foilsithe 27 Meitheamh 2024
An t-eolas is déanaí 10 Meán Fómhair 2024

1. Curaclam agus Folláine
2. Cibearbhulaíocht agus Sábháilteacht ar Líne
3. Acmhainní Oide
4. Bulaíocht Homafóbach agus Trasfhóbach
5. Iompraíocht Bhulaíochta Chiníoch
6. Aghaidh a thabhairt ar Iompraíocht Bhulaíochta ag úsáid Cleachtas Aisiríoch
7. An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (SNSO)

# Foghlaim Ghairmiúil do Mhúinteoirí Oide

- Lá iomlán FGM aghaidh ar aghaidh a thosóidh go luath an mhí seo chugainn
- Cur Chuige Oideachais Uile
- Cad is iompar bulaíochta ann?
- Freagrachtaí scoileanna
- Straitéisí coisctheacha
- Conas aghaidh a thabhairt ar theagmhais iompair bhulaíochta
- Riachtanais maidir le coimeád taifead

## Dúnadh Scoile Leath Lae

- Rannpháirtíocht fhoireann uile na scoile sna nósanna imeachta a éascú
- Machnamh a dhéanamh ar an dóigh a bhfuil iompar bulaíochta á chosc agus á phlé ar scoil faoi láthair
- Ionchur foirne a bhailiú sa Pholasaí Bí Cineálta
- Straitéisí Coisctheacha Breise?
- Plean a bhunú chun tuairimí tuismitheoirí agus scoláirí a bhailiú

An Roinn Oideachais
Department of Education

# Ceisteanna

gov.ie - Nósanna Imeachta chun Iompraíocht Bhulaíochta a Chosc agus Dul i nGleic léi do Bhunscoileanna agus d’Iarbhunscoileanna

bicinealta@education.gov.ie

An Roinn Oideachais
Department of Education

# Cigireacht

# Ionchur Cigireachta

- Breac-chuntas a thabhairt ar na seiceálacha frithbhulaíochta reatha agus conas a chuirfear iad san áireamh i gcigireachtaí don scoilbhliain 2024/2025.
- Taighde agus forbairt na tuarascála *Dearcthaí ar Iompar Bulaíochta 2024* a léiriú.
- Samhail chigireachta dírithe ar an bhFolláine a Chur Chun Cinn a thabhairt isteach agus breac-chuntas a thabhairt ar a príomhghnéithe.

An Roinn Oideachais
Department of Education

# Seiceálacha Frithbhulaíochta

# Seiceálacha frithbhulaíochta le linn na bliana acadúla 2024/2025.

| Monatóireacht ar fhrithbhulaíocht a rinneadh lena linn | |
|---|---|
| **Leibhéal 1** | **Seiceálacha a Rinneadh** |
| • Cigireacht theagmhasach<br>• Cigireacht Ábhair<br>• Meastóireachtaí curaclaim<br>• Meastóireachtaí cláir<br>• Meastóireacht ar chleachtais chuimsitheacha agus ar sholáthar do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais agus riachtanais bhreise oideachais acu<br>• Cigireachtaí leantacha | 1. Tá polasaí frithbhulaíochta forbartha ag an scoil, a shásaíonn na *Nósanna Imeachta Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile* (2013) nó *Bí Cineálta* (2024) agus athbhreithnítear an polasaí seo go bliantúil.<br><br>2. Tá polasaí reatha frithbhulaíochta na scoile foilsithe ar a láithreán gréasáin agus/nó tá fáil go héasca air do bhaill an bhoird bainistíochta, do mhúinteoirí, do thuismitheoirí agus do dhaltaí/scoláirí. |

# Seiceálacha frithbhulaíochta le linn na bliana acadúla 2024/2025.

| Monatóireacht ar fhrithbhulaíocht a rinneadh le linn cigireachtaí | |
|---|---|
| **Leibhéal 2** | **Seiceálacha a Rinneadh** |
| • Meastóireacht scoile uile<br>• Meastóireacht scoile uile –bainistíocht, ceannaireacht agus foghlaim<br>• Meastóireacht ar phleanáil gníomhaíochta le haghaidh Feabhsúcháin i Scoileanna DEIS<br>• Meastóireacht ar Scoileanna ceangailte le hAonaid Chúraim Speisialta agus le hIonaid Choinneála Leanaí | 1. Tá polasaí frithbhulaíochta forbartha ag an scoil, a shásaíonn na *Nósanna Imeachta Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile* (2013) nó *Bí Cineálta* (2024) agus athbhreithnítear an polasaí seo go bliantúil.<br>2. Tá polasaí reatha frithbhulaíochta na scoile foilsithe ar a láithreán gréasáin agus/nó tá fáil go héasca air do bhaill an bhoird bainistíochta, do mhúinteoirí, do thuismitheoirí agus do dhaltaí/scoláirí.<br>3. Tá tionscnaimh chuí i bhfeidhm ag an scoil chun cultúr agus timpeallacht scoile dearfach agus uilechuimsitheach a chothú atá ag teacht lena polasaí reatha.<br>4. Tuairiscíonn na múinteoirí go léir gur léigh siad polasaí reatha na scoile ar fhrithbhulaíocht agus go bhfuil siad eolach ar a róil agus a bhfreagrachtaí maidir le bulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi. |

An Roinn Oideachais
Department of Education

# Tuarascáil ar Dhearcthaí ar Iompar Bulaíochta

# Dearcthaí ar Iompar Bulaíochta 2023



An Roinn Oideachais
Department of Education


Dearcthaí ar Iompar Bulaíochta (2023)

An chéad cheann i sraith de chúig thuarascáil bhliantúla, 2023-2027

An Chigireacht
www.gov.ie/ROCigireacht



Suirbhéanna ar líne de 106 scoil



Rinne Creat Folláine eolas do dhearadh an tsuirbhé



Bhí sé mar aidhm ag an tuarascáil raon dearcthaí ó phobail scoile a fháil amach

An Roinn Oideachais
Department of Education

# Meastóireacht Folláine a Chur Chun Cinn

# Bíonn folláine i láthair:

Is bealach **réidh** maireachtála é agus ní mór é a chothú ar feadh an tsaoil.

- nuair a bhaineann duine amach barr a chumais
- nuair a bhíonn duine in ann déileáil le gnáthstruis a shaoil
- nuair a thugann duine aire dá fholláine fhisiciúil
- nuair a bhíonn aireachas cuspóra, ceangal agus muintearas aige leis an bpobal i gcoitinne.

# Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais






# *Cultúr & Timpeallacht*

## ***Cá mhéad a:***

- *chothaíonn cultúr agus timpeallacht na scoile, agus cultúr an tseomra ranga, folláine leanaí?*

**Culture & Environment**
- Mission and ethos
- School & classroom
- Climate & Culture
- Quality of use of school buildings and grounds

**Cultúr agus Timpeallacht**
- Misean agus éiteas
- Scoil agus seomra ranga
- Aeráid agus Cultúr
- Cáilíocht na húsáide a bhaintear as foirgnimh agus tailte scoile

**Culture & Environment**

**Cultúr agus Timpeallacht**

# Curaclam (Teagasc & Foghlaim)

***Cá mhéad a:***

- ***bhíonn gníomhaíochtaí foghlama suimiúla, tarraingteacha agus dúshlánacha ag leanaí?***
- ***An dteagasctar leanaí go héifeachtach faoin bhfolláine agus don fholláine?***

**Curriculum (Teaching & Learning)**

- Extra curricular learning
- Co curricular learning
- Planning supports
- Monitoring

**Curaclam (Teagasc agus Foghlaim)**

- Foghlaim sheach churaclaim
- Foghlaim chomhchuraclaim
- Tacaíochtaí pleanála
- Monatóireacht:

**Curriculum**

**CURACLAM**

# Polasaí & Pleanáil

**Cá mhéad a:**

- *théann polasaithe agus pleananna scoile, lena n-áirítear FMS, i bhfeidhm go dearfach ar chur chun cinn na scoile ar fholláine leanaí?*

**Policy & Planning**

- All policies relevant to wellbeing
- All plans relevant to wellbeing
- School & centre self evaluation
- Continuing professional development

**Polasaí agus Pleanáil**

- Tá na polasaithe go léir ábhartha maidir le folláine
- Tá na pleananna go léir ábhartha maidir le folláine
- Féinmheastóireacht scoile agus ionaid
- Forbairt ghairmiúil leanúnach

**Policy & Planning**

**POLASAÍ AGUS PLEANÁIL**

# Caidrimh & Comhpháirtíochtaí

## Cá mhéad a:

- *bhfuil leanaí, daoine fásta sa scoil, tuismitheoirí agus páirtithe seachtracha eolach agus nó rannpháirteach maidir le folláine a chur chun cinn sa scoil?*

**Relationships & Partnerships**

- Student & staff relationships
- Peer relationships
- Student voice
- Partnership staff, children and young people, parents and carers
- Partnerships with other schools
- Community partnerships
- External supports

**Caidreamh & Comhpháirtíochtaí**

- Caidreamh idir Scoláirí agus an Fhoireann
- Caidreamh le Piaraí
- Guth an Scoláire
- Comhpháirtíocht foireann, leanaí agus daoine óga, tuismitheoirí agus cúramóirí
- Comhpháirtíochtaí le scoileanna eile
- Comhpháirtíochtaí Pobail
- Tacaíochtaí seachtracha

**Relationships & Partnerships**

**CAIDREAMH & COMHPHÁIRTÍOCHTAÍ**

# Iompar Bulaíochta a Chosc agus Dul i nGleic Leis

***Cá mhéad a:***

***Chabhraíonn obair na scoile le hiompar bulaíochta a chosc agus dul i ngleic leis***

# An dóigh a ndéanann scoileanna difear

Bheith eolach ar na gnéithe seachtracha a théann i bhfeidhm ar fholláine leanaí agus daoine óga

Bheith eolach ar na gnéithe **riosca** agus **cosantacha** agus iarracht a dhéanamh tionchar na ngnéithe seo a íoslaghdú nó a neartú

Tuilleadh deiseanna a chur ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga **foghlaim faoi fholláine** agus **don fholláine**

# Gnéithe Cosantacha

- Caidrimh dhearfacha
- Muintearas, suaimhneas agus cóngas le scoil
- Deiseanna chun forbairt a dhéanamh:
  - go sóisialta agus go mothúchánach
  - ar scileanna chun láimhseáil ar líne
  - ar scileanna chun strus a bhaineann le hobair scoile a láimhseáil



# Gnéithe Riosca

- Neamhshuim
- Neamhláithreacht
- Scoiteacht
- Bulaíocht
- Difríochtaí cultúrtha
- Aistrithe
- Disciplín géar/neamhsheasmhach



## Foghlaim don fholláine

Ba cheart cur chun cinn na folláine a bheith follasach i ngach ceacht:

- Caidrimh
- Spriocanna foghlama indéanta
- Measúnú múnlaitheach


## Foghlaim faoin bhfolláine

- OSPS
- OSSP
- Corpoideachas
- Bí Sábháilte
- OCG

# Breathnú níos géire ar an meastóireacht atá beartaithe



Beirt chigirí



Cigireacht fhógartha - Foirm eolais scoile agus Foirm teagmhála scoile



Suirbhéanna



Breathnóireacht ar theagasc agus ar fhoghlaim



OSPS / OSSP / Corpoideachas / Bí Sábháilte agus réimsí ábhair eile




Idirghabhálacha eile / réimsí curaclaim & seach-churaclaim



Cruinnithe




Pleananna athbhreithnithe



Aiseolas a fháil ar ais

# Breathnú níos géire ar an meastóireacht atá beartaithe

## Siúlóid Foghlama

- Arna dearadh ag an scoil
- Deis chun taispeáint conas a léirítear fís folláine na scoile sa ghnáthshaol



# Breathnú níos géire ar an meastóireacht atá beartaithe

## Siúlóid foghlama folláine: Sraith gníomhaíochtaí a d’fhéadfadh a bheith ann

- Cuairt a thabhairt ar fhoirgnimh scoile, ar thailte scoile
- Rochtain ar spás laistigh agus lasmuigh
- Caidrimh a bhreathnú
- Aistrithe a bhreathnú
- Amanna sosa
- Príomhionaid bhulaíochta a d’fhéadfadh a bheith ann
- Athbhreithniú ar thaispeántais scoile





# Breathnú níos géire ar an meastóireacht atá beartaithe

## Ceardlann Folláine

- Cur chuige comhoibríoch - díriú ar an dóigh a bhfuil an scoil ag tacú le folláine agus á cur chun cinn
- Deis chun aithint cad atá ag obair go maith agus cad a d'fhéadfadh athrú



# Breathnú níos géire ar an meastóireacht atá beartaithe


## Ceardlann Folláine

- Tugadh léargas luachmhar ó dhearcthaí éagsúla

- Léiríodh modh a d’fhéadfadh an scoil a úsáid chun teagmháil a dhéanamh le páirtithe leasmhara



# Na Chéad Chéimeanna Eile



An Roinn Oideachais
Department of Education

# Ceisteanna

gov.ie - Nósanna Imeachta chun Iompraíocht Bhulaíochta a Chosc agus Dul i nGleic léi do Bhunscoileanna agus d’Iarbhunscoileanna

bicinealta@education.gov.ie

An Roinn Oideachais
Department of Education

# Go Raibh Maith Agaibh